COVID-19 VACCINE

# Vacsaíní i gcoinne COVID-19

## Faisnéis faoi do vacsaín Comirnaty (Pfizer)

Leagan 3
Márta 2025

## Maidir leis an leabhrán seo

- Cúrsa príomhúil agus teanndáileoga
- Vacsaíní molta
- Toircheas agus beathú cíche
- COVID-19 agus leanaí
  - » Cead maidir leis an vacsaín a thabhairt do do leanbh
- Céard ba cheart duit a bheith ag súil leis tar éis do vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil
- Fo-iarmhairtí an vacsaínithe agus cathain gan vacsaín a fháil
  - » Fo-iarmhairtí
  - » Cathain gan vacsaín a fháil
  - » Céard ba cheart a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort
- An fad a thógann sé ar vacsaíní tosú ag obair
- Cén chaoi ar féidir fo-iarmhairtí a thuairisciú
- Do chuid faisnéise pearsanta

Is féidir leis an vacsaíneoir freagra a thabhairt ar aon cheist a bheidh agat tar éis duit an leabhrán seo a léamh.

## Maidir le do vacsaín in aghaidh COVID-19

Is é vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil an chaoi is fearr chun tú féin a chosaint ar COVID-19. Leis na vacsaíní a chuireann FSS ar fáil, soláthraítear an chosaint is fearr atá ann in aghaidh aimhréidh thromchúiseach COVID-19 agus laghdaítear an baol maidir le seal a chaitheamh san ospidéal nó bás a fháil.

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) gur cheart vacsaíní mRNA a thabhairt. Tá faisnéis sa leabhrán seo faoin vacsaín nuashonraithe Comirnaty (Pfizer) arb í an vacsaín mRNA molta atá ar fáil a úsáidtear i gclár vacsaínithe COVID-19 na hÉireann.

## Cúrsa príomhúil agus teanndáileoga

Nuair a thagraímid do vacsaín – nó vacsaíní – sa leabhrán seo, is é seo atá i gceist againn ná:

- Cúrsa príomhúil – an chéad dáileog. D'fhéadfadh go mbeadh an dara dáileog ag teastáil ó roinnt leanaí idir 6 mhí agus 4 bliana d'aois dá gcúrsa príomhúil. Beidh an dara dáileog ag teastáil ó dhaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu dá gcúrsa príomhúil agus d'fhéadfadh go mbeadh tríú dáileog ag teastáil ag cuid acu.
- Féadfar teanndáileoga a mholadh do dhaoine áirithe bunaithe ar a n-aois nó ar a stair leighis.

Tugann vacsaíní in aghaidh COVID-19 an chosaint is fearr duit ar bhreoiteacht thromchúiseach tar éis duit:

- do chúrsa príomhúil agus
- aon teanndáileog a mholtar duit a fháil.

## Cúrsa príomhúil

Moltar príomhchúrsa vacsaíne COVID-19 le haghaidh:

- Daoine atá 60 bliain d'aois agus os a chionn.
- Daoine idir 18-59 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu in áiseanna cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta.
- Daoine atá idir 6 mhí agus 59 mbliana d'aois agus a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:
    - imdhíon-lagú (córas imdhíonachta lag) a bhaineann le freagairt fho-optamach ar vacsaíniú.
    - tá riochtaí leighis orthu a bhaineann le riosca níos airde go gcuirfí san ospidéal iad mar gheall ar COVID-19, go mbeadh galar trom orthu nó go bhfaighidís bás.
- Oibrithe sláinte agus cúraim.
- Déagóirí agus daoine fásta atá ag iompar clainne.

Ní mholtar cúrsa príomhúil vacsaíne COVID-19 ar bhonn rialta dóibh siúd idir 6 mhí agus 59 mbliana d'aois agus atá sláintiúil. Mar sin féin, is féidir leat rochtain a fháil ar chúrsa príomhúil vacsaíne COVID-19, más cuí, bunaithe ar phlé le do sholáthraí cúraim sláinte (e.g. dochtúir ginearálta, cógaiseoir nó vacsaíneoir FSS).

Is é is cúrsa príomhúil ná:

- Aon dáileog amháin dóibh siúd atá 5 bliana d'aois agus níos sine.
- Dóibh siúd atá idir 6 mhí agus 4 bliana d'aois.
    - An chéad dáileog agus an dara dáileog, agus 4 seachtaine eatarthu, mura raibh ionfhabhtú COVID-19 orthu roimhe.
    - Aon dáileog amháin, má bhí ionfhabhtú COVID-19 orthu roimhe.
- An chéad dáileog agus an dara dáileog, le 4 seachtaine eatarthu, dóibh siúd atá 6 mhí d'aois agus níos sine agus a bhfuil córas lag imdhíonachta acu.
- D'fhéadfaí go soláthrófaí dáileog bhreise do dhaoine a bhfuil córas lag imdhíonachta acu, 8 seachtaine tar éis an dara dáileog agus tar éis treoir a fháil ó dhochtúir speisialtóra ábhartha.

## Teanndáileoga

D'fhéadfadh an chosaint a fuair tú ó na vacsaíní a fuair tú cheana, nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 féin, éirí ní ba laige le himeacht ama. Cuireann

teanndáileoga le do chosaint in aghaidh deacrachtaí tromchúiseacha mar gheall ar COVID-19.

Tar éis an chúrsa príomhúil, moltar teanndáileoga do dhaoine áirithe. Le tuilleadh eolais a fháil maidir le cén uair atá do chéad vacsaín COVID-19 eile le bheith ann, tabhair cuairt ar **www.hse.ie** nó cuir glao ar ár bhfoireann ag HSELive ar **1800 700 700.**

## Vacsaíní molta

Tairgfear duit an vacsaín mRNA Comirnaty nuashonraithe is déanaí, déanta ag Pfizer.

Leis na vacsaíní Comirnaty nuashonraithe is déanaí, soláthraítear an chosaint is fearr atá ar fáil ar na cineálacha de COVID-19 atá ag scaipeadh.

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh vacsaíní mRNA Comirnaty nuashonraithe, agus formheasann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach iad.

**Tábhachtach:**

D'fhéadfadh sé tarlú nárbh ionann an chomhairle ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) in amanna. Sa chás sin, cloímid in Éirinn le treoir NIAC.

## Toircheas agus beathú cíche

Ba cheart duit vacsaín COVID-19 a fháil má tá tú ag iompar clainne.

Tá sé sábháilte an vacsaín COVID-19 a fháil má tá tú i mbun cothaithe cíche.

Má tá tú ag iarraidh leanbh a ghiniúint nó má tá seans ann go n-éireoidh tú torrach, agus má tá tú i ngrúpa molta le haghaidh vacsaín COVID-19, ní gá duit moill a chur ar an vacsaín COVID-19 a fháil.

Le linn toirchis, ní thagann ach siomptóim éadroma go measartha ar an chuid is mó de dhaoine a tholgann an víreas, fiú mura bhfuair siad vacsaín in aghaidh COVID-19. Tugann siad an leanbh ar an saol mar a bhí beartaithe agus ní bhíonn ach riosca íseal ann go dtabharfaidís COVID-19 dá leanbh.

Mar sin féin, má tholgann tú COVID-19 agus tú ag iompar clainne, is mó seans go n-éireoidh tú go dona tinn agus go mbeidh ort dul faoi dhianchúram. D'fhéadfadh cúrsaí dul in aimhréidh maidir le do leanbh de dheasca an víris chomh maith.

Tá riosca níos airde ann go gcuirfí leanaí atá faoi bhun 1 bhliain d'aois san ospidéal nó go mbeadh breoiteacht thromchúiseach orthu dá dtolgfaidís COVID-19. Níl

an baol céanna ann go mbeadh cúram ospidéil de dhíth ar leanaí mar gheall ar COVID-19 má fuair a máthair vacsaín le linn an toirchis.

Tá sé sábháilte an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis na vacsaíní eile a thairgtear duit agus tú ag iompar clainne.

Má tá tú ag iompar clainne, moltar duit vacsaín mRNA nuashonraithe Comirnaty a fháil.

Mura raibh do chúrsa príomhúil agat, d'fhéadfaí go dtabharfaí duit é ag aon chéim le linn toirchis.

**Má tá tú ag iompair clainne, moltar teanndáileog vacsaíne COVID-19** uair amháin le linn an toirchis má tá níos mó ná 6 mhí ann ó bhí vacsaín nó ionfhabhtú COVID-19 agat. Is féidir an teanndáileog seo a thabhairt ag aon chéim le linn toirchis ach moltar í idir 20 agus 34 seachtain. Is féidir leat í a fháil níos luaithe má tá níos mó ná 12 mhí ann ó bhí do vacsaín nó ionfhabhtú COVID-19 roimhe seo agat.

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte iontaofa má bhíonn aon cheist agat.

Le linn toirchis, níl de dhíth ort ach dáileog amháin de vacsaín COVID-19. Mar sin féin, má tá tú ag iompar clainne agus má tá córas lag imdhíonachta agat féadfaidh tú do dhara dáileog a fháil 6 mhí ar a laghad tar éis do vacsaíne nó ionfhabhtaithe COVID-19 deiridh.

## COVID-19 agus leanaí

Bíonn siomptóim an-éadrom nó gan aon siomptóim ar chor ar bith ag formhór mór na leanaí a tholgann COVID-19.

Is féidir le breoiteacht thromchúiseach a bheith ar leanbh de thoradh COVID-19, é/í a chur san ospidéal nó a bheith ina chúis le bás, ach is le cásanna an-annamh a bhíonn siad seo. Cé go bhfuil an riosca go gcuirfí san ospidéal iad nó go dtagann galar tromchúiseach orthu an-íseal i gcás leanaí, tá sé níos airde i measc leanaí atá níos óige.

Uaireanta, fanann siomptóim a bhaineann le COVID-19 ar an duine ar feadh roinnt seachtainí nó míonna. Tugtar 'COVID fada' air sin. Is lú riosca an reachta seo do leanaí ná do dhaoine fásta.

Is beag an baol go gcuirfí leanbh san ospidéal mar gheall ar COVID-19, agus tá an baol go mbeadh cóireáil dianchúraim ag teastáil ó aon leanbh an-íseal go deo.

I gcás leanaí a bhfuil riochtaí áirithe sláinte orthu nó a bhfuil córais imdhíonachta laga acu, tá baol níos mó ann go mbeadh breoiteacht thromchúiseach orthu nó go gcuirfí san ospidéal iad dá dtolgfaidís COVID-19.

Go hannamh, is féidir le COVID-19 a bheith ina chúis le riocht sláinte i leanaí darb ainm an Siondróm Athlastach Ilchóras (MIS-C).

Is riocht é sin atá cúiseach le niúmóine, athlasadh an chroí agus deacrachtaí análaithe. An chuid is mó de na leanaí a dtagann MIS-C orthu, tagann siad chucu féin arís tar éis seal a chaitheamh san ospidéal nó faoi dhianchúram, agus faigheann líon an-bheag leanaí bás.

Moltar príomhchúrsa vacsaínithe COVID-19 do leanaí 6 mhí d'aois agus níos sine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu nó riocht míochaine orthu a chuireann i mbaol níos airde iad ó thinneas trom ó COVID-19. Is féidir go moltar teanndáileoga ag amanna éagsúla den bhliain do leanaí a bhfuil baol níos airde ann dóibh ó thinneas tromchúiseach.

## Cead maidir leis an vacsaín a thabhairt do do leanbh

Iarrfar ar thuismitheoir nó ar chaomhnóir dlíthiúil cead a thabhairt maidir le gach leanbh atá le vacsaíniú.

Déanfar de réir do chinnidh le cead a thabhairt nó gan cead a thabhairt maidir leis an vacsaín.

## Céard ba cheart duit a bheith ag súil leis tar éis do vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil

Amhail gach cógas, is féidir le vacsaíní a bheith ina gcúis le **fo-iarmhairtí.** Tá an chuid is mó díobh seo éadrom nó measartha, gearrthéarmach, agus ní fhaigheann gach duine iad.

Ní fheictear fo-iarmhairtí tromchúiseacha, amhail frithghníomhú trom ailléirgeach, ach go fíor-annamh. Tá oiliúint curtha ar an vacsaíneoir le cóir leighis a chur ar othair atá buailte ag frithghníomhuithe troma ailléirgeacha den sórt sin.

Bíonn fo-iarmhairtí éagsúla i gceist le gach vacsaín, agus ba cheart duit an leabhrán seo agus Bileog Faisnéise an Mhonaróra d'Othair maidir le do vacsaín a léamh. Tá bileog faisnéise an mhonaróra le fáil ar **www.hse.ie** nó is féidir linn cóip a thabhairt duit ar lá do vacsaínithe.

Sa chéad chuid eile, tugaimid léiriú ar na fo-iarmhairtí atá ar eolas maidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a bhfuil cur síos uirthi sa leabhrán seo, agus insímid duit cé chomh coitianta nó annamh is atá siad. Tarraingímid aird freisin ar na daoine nár cheart an vacsaín a fháil. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar **www.hse.ie.**

## Fo-iarmhairtí an vacsaínithe agus cathain gan vacsaín a fháil

Ar na leathanaigh seo a leanas, tugaimid eolas duit ar na fo-iarmhairtí féideartha agus cathain nár cheart an vacsaín a fháil. Déanaimid na fo-iarmhairtí a aicmiú ó an-choitianta go fíor-annamh.

- An-choitianta – níos mó ná duine amháin as gach deichniúr
- Coitianta – suas le duine amháin as gach deichniúr
- Neamhchoitianta – suas le duine amháin as gach 100 duine
- Annamh – suas le duine amháin as gach 1,000 duine
- An-annamh – suas le duine amháin as gach 10,000 duine
- Fíor-annamh. Ní fios go fóill cá mhéad duine a mbeidh na fo-iarmhairtí seo acu tar éis an vacsaín a fháil, ach ceaptar iad a bheith fíor-annamh.

Tá ainm na vacsaíne le fáil ar an gcárta taifid a thabharfaidh an vacsaíneoir duit agus ar na leathanaigh sa leabhrán seo. Ba cheart duit a bheith ag faire amach le haghaidh fo-iarmhairtí sna huaireanta agus sna laethanta tar éis duit an vacsaín a fháil.

## Fo-iarmhairtí

### *Fo-iarmhairtí na vacsaíne Comirnaty (Pfizer) COVID-19*

Tugtar liosta thíos de na fo-iarmhairtí féideartha agus cé chomh minic a tharlaíonn siad, agus tugtar eolas freisin ar cathain nár cheart an vacsaín áirithe seo a fháil. Iarr comhairle ar ghairmí cúraim sláinte iontaofa má bhíonn aon amhras ort.

| Fo-iarmhairtí féideartha: | |
|---|---|
| **An-choitianta**<br>Níos mó ná duine amháin as gach deichniúr | • tuirse<br>• soghortaitheacht (i leanaí idir 6 mhí agus 23 mhí) nó pian agus at san áit ina bhfuair tú an vacsaín<br>• tinneas cinn<br>• pian matáin<br>• pian ailt<br>• buinneach<br>• fiabhras – teocht 38 céim Celsius nó os a chionn – nó crithfhuacht<br>• deirge san áit ar tugadh an vacsaín (i leanaí atá idir 6 mhí agus 11 bhliain d’aois)<br>• greannaitheacht (i leanaí atá idir 6 mhí agus 23 mhí d’aois)<br>• goile laghdaithe (i leanaí atá idir 6 mhí agus 23 mhí d’aois)<br>• codlatacht (i leanaí atá idir 6 mhí agus 23 mhí d’aois) |

| | |
|---|---|
| **Coitianta**<br><br>Suas le duine amháin as gach deichniúr | • masmas<br>• urlacan<br>• deirge san áit ar tugadh an vacsaín<br>• at na bhfaireog limfe. Is coitianta é sin tar éis teanndáileoige.<br>• Gríos (i leanaí atá idir 6 mhí agus 23 mhí d'aois) |
| **Neamh-choitianta**<br><br>Suas le duine amháin as gach 100 duine | • tochas san áit ar tugadh an vacsaín<br>• meadhrán<br>• tochas ginearálaithe<br>• frithghníomhuithe ailléirgeacha, amhail aodh thochais nó gríos nó at san aghaidh<br>• deacracht dul a chodladh<br>• allas iomarcach<br>• allas oíche<br>• goile laghdaithe<br>• easpa fuinnimh, marbhántacht nó mothú tinn<br>• pian sa ghéag láimhe ar a tugadh an vacsaín duit |
| **Annamh**<br><br>Suas le duine amháin as gach 1,000 duine | • cromadh sealadach ar thaobh amháin den aghaidh |
| **An-annamh**<br><br>Suas le duine amháin as gach 10,000 duine | • an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Is éard atá i gceist leo sin ná athlasadh an chroí nó athlasadh líneáil sheachtrach an chroí. Féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm. |
| **Fíor-annamh**<br><br>Ní fios go fóill cé chomh minic a fheictear iad | • frithghníomhú trom ailléirgeach<br>• Erythema Multiforme – frithghníomhú craicinn ina gcruthaítear spotaí nó paistí dearga ar an gcraiceann a d'fhéadfadh cuma a bheith orthu atá cosúil le targaid nó "súil sprice" ag a bhfuil lár dearg dorcha timpeallaithe ag fáinní dearga níos éadroime<br>• at aghaidhe má tá líontóirí aghaidhe agat<br>• at fairsing sa ghéag láimhe – nó coise inar tugadh an vacsaín<br>• griofadach nó drithlíní, nó cailliúint mothaithe i gcuid den chorp<br>• míostrú trom |

Is riochtaí athlastacha croí iad an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Tá baol na riochtaí annamh seo níos airde i measc fir óga.Is mó an seans go dtarlóidh na riochtaí sin tar éis an dara dáileog de phríomhchúrsa na vacsaíne a fháil. Den chuid is mó, bíonn siad le feiceáil faoi cheann 14 lá tar éis an vacsaín a fháil. Tá an baol miócairdítis níos ísle i ndiaidh teanndáileoige.

- Rinneadh baol an mhiócairdítis tar éis an dara dáileog den vacsaín a mheas in dhá staidéar Eorpacha:
- Aon chás breise amháin do gach 38,000 fear idir 12 agus 29 mbliana d'aois (faoi cheann 7 lá)

Aon chás breise amháin do gach 17,500 fear idir 16 agus 24 mbliana d'aois (faoi cheann 28 lá)

Léirítear sna sonraí atá ar fáil go mbíonn miócairdíteas agus peireacairdíteas mar thoradh ar chúrsa príomhúil an-annamh i leanaí atá idir 5 bliana go 11 bliain d'aois agus níos annaimhe arís i leanaí atá idir 12 go 17 mbliana d'aois.

Tagann an chuid is mó de na daoine chucu féin as a stuaim féin nó le cóireáil thacúil, ach bheadh cúram ospidéil ag teastáil uathu mar sin féin. Ní fios go fóill an mbeidh aon fhadhbanna fadtéarmacha i gceist leis na fo-iarmhairtí seo.

### Siomptóim an mhiócairdítis agus an pheireacairdítis

Faigh cúram leighis má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis duit an vacsaín seo a fháil:

- giorra anála
- éirí croí – buille láidir croí a d'fhéadfadh a bheith neamhrialta
- pian chliabhraigh

## Cathain gan vacsaín a fháil

**Níor cheart duit an vacsaín Pfizer (Comirnaty) in aghaidh COVID-19 a fháil sna cásanna seo a leanas:**

- bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne, gliocól poileitiléine nó PEG ina measc. Léigh Bileog Eolais Othar an mhonaróra le liosta na gcomhábhar a fheiceáil.
- bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis dáileog eile de vacsaín mRNA COVID-19 e.g., vacsaíní Comirnaty (Pfizer) nó Spikevax (Moderna).
- bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat i leith Trometamol – ceann de na hábhair atá i ruaim chodarsnach a úsáidtear i staidéir raideolaíocha ÍAM.
- chuir Dochtúir in iúl duit nár cheart vacsaín mRNA COVID-19 a fháil, e.g. vacsaíní Comirnaty (Pfizer) nó Spikevax (Moderna), ar chúiseanna leighis.

**Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín seo in aghaidh COVID-19 más fíor d'aon cheann de na nithe seo a leanas:**

- bhí frithghníomhú trom ailléirgeach – anaifiolacsas – agat roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach i leith vacsaín ná cógais eile.
- tháinig miócairdíteas nó peireacairdíteas– athlasadh mhatán an chroí nó líneáil an chroí– ort tar éis dáileog de vacsaín in aghaidh COVID-19.
- tá riocht ort darb ainm mastaicíotóis
- tá tú ag mothú an-tinn faoi láthair

Do leanaí a raibh an Siondróm Athlastach Ilchóras – MIS-C– orthu roimhe seo, is féidir leo an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil nuair a bheidh siad tagtha ar ais chucu féin agus 90 lá ar a laghad tar éis dóibh an diagnóis a fháil, cibé acu is faide.

Má fuair tú an vacsaín mpox – Imvanex nó Jynneos – le déanaí, ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 toisc nach eol cé acu an mbaineann baol miócairdítis léi.

## Céard ba cheart a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort

Má bhíonn fiabhras (teocht de 38 céim Celsius nó níos airde) nó tinneas agus pianta ort, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil lena maolú. Mar sin féin, má mhaireann an fiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má tá imní ort fós, lorg comhairle leighis, le do thoil.

Má tá tú ag iompar clainne agus má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort, is féidir leat paraicéiteamól a thógáil. Ná glac iobúpróifein nó aspairín chun cóireáil a chur ar fhiabhras nó tinneas agus pianta i ndiaidh vacsaín a fháil agus tú ag iompar clainne.

## An fad a thógann sé ar vacsaíní tosú ag obair

Tógann sé roinnt ama, suas le 14 lá tar éis an vacsaín a fháil, ar do chóras imdhíonachta freagairt don vacsaín agus tú a chosaint ó thromaimhréidh COVID-19.

Tá fianaise láidir iontaofa ann go bhfuil na vacsaíní in aghaidh COVID-19 an-éifeachtach maidir le bás agus galar tromchúiseach mar thoradh ar COVID-19 a chosc.

Ba cheart duit cloí freisin leis an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí ó thaobh tú féin agus daoine eile a chosaint atá ar fáil ar **www.hse.ie**

## Cén chaoi ar féidir fo-iarmhairtí a thuairisciú

Más dóigh leat go bhfuil fo-iarmhairt ort i ndiaidh duit vacsaín a fháil, is féidir é a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ag **www.hpra.ie.**

Is féidir le do dhochtúir, d'altra, nó do phoitigéir nó le ball clainne an fho-iarmhairt a thuairisciú don ÚRTS freisin.

## Do chuid faisnéise pearsanta

Leis an vacsaín a thabhairt do dhaoine ar bhealach slán sábháilte agus leis an bhfaisnéis uile a thaifeadadh is gá le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an vacsaín, beidh FSS ag próiseáil do chuid faisnéise pearsanta. Déanfaidh FSS an fhaisnéis go léir a phróiseáil de réir na ndlíthe ginearálta agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe, a tháinig i bhfeidhm in 2018.

Próiseálfar do shonraí go dleathach agus go cothrom. Ní dhéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun críche vacsaínithe a bhainistiú. Tá Prionsabal an Íoslaghdaithe Sonraí i bhfeidhm.

Ciallaíonn sé sin nach dtaifeadfar ach na sonraí a bheidh ag teastáil le tú a aithint, do choinne a chur in áirithe, do vacsaíniú a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí.

Mar dhuine is ábhar do shonraí, tá na cearta seo a leanas agat faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i leith na sonraí pearsanta agat a dhéantar a phróiseáil.

- Faisnéis maidir le do shonraí pearsanta agus rochtain orthu a iarraidh, ar a dtugtar 'iarratas rochtana duine is ábhar do shonraí' de ghnáth. Cuirtear ar do chumas leis sin cóip de na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn maidir leat a fháil agus a chinntiú go bhfuil siad á bpróiseáil de réir an dlí againn.
- A iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta atá againn maidir leat a cheartú. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh go ndéanfaí aon fhaisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn atá againn maidir leat a cheartú.
- Léirscriosadh do chuid sonraí pearsanta a iarraidh. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh orainn sonraí pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás nach mbeidh aon chúis mhaith againn le leanúint lena bpróiseáil. Tá sé de cheart agat chomh maith iarraidh orainn do chuid faisnéise pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás gur fheidhmigh tú do cheart le cur i gcoinne a próiseála.
- Cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar **www.hse.ie/eng/gdpr**

COVID-19 VACCINE

Arna fhoilsiú ag FSS Lúnasa 2025
Leis an bhfaisnéis is déanaí
a fháil, téigh go dtí **www.hse.ie**

**Cód Ordaithe: HNI01602**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland